RIALÚ BUISÉADACH

Déanann gach institiúid de chuid AE agus na Ballstáit grinnscrúdú ar bhuiséad AE. Déanann an Chúirt Iniúchóirí agus an Pharlaimint grinnscrúdú mionsonraithe ar leibhéil éagsúla. Gach bliain, déanann an Pharlaimint grinnscrúdú ar chur chun feidhme an bhuiséid d'fhonn urscaoileadh a dheonú don Choimisiún, d'institiúidí eile an Aontais agus do ghníomhaireachtaí an Aontais.

AN BUNÚS DLÍ

— Airteagail 287, 317, 318, 319, 322 agus 325 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

— Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (féach go háirithe Teideal II, Caibidil 7, maidir le prionsabal an bhainistithe fhónta airgeadais agus an fheidhmithe, agus Teideal XIV, maidir le hiniúchóireacht sheachtrach agus urscaoileadh);

— Comhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, Cuid III;

— Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa, Teideal II, Caibidil 6, Rialacha 99, 100 agus 104; Teideal V, Caibidil 2, Riail 134; Iarscríbhinn IV.

CUSPÓIRÍ

Dlíthiúlacht, beachtas agus bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú i leith oibríochtaí buiséid agus córais rialaithe airgid, chomh maith le bainistíocht fhónta airgeadais bhuiséad AE (geilleagar, éifeachtúlacht agus éifeachtacht), agus, maidir le ról Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus Pharlaimint na hEorpa, a áirithiú go mbaintear amach na cuspóirí seo (critéir feidhmíochta).

ÉACHTAÍ

A. Rialú ar an leibhéal náisiúnta

Is iad na húdaráis náisiúnta a dhéanann, a bheag nó a mhór, rialú tosaigh ar ioncam agus ar chaiteachas. Choimeád siad a gcumhachtaí, go háirithe maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (1.4.1), ar réimse é inar féidir leo na nósanna imeachta is gá a dhéanamh chun na méideanna lena mbaineann a bhailiú agus a fhíorú. I dtaca leis sin, an 26 Bealtaine 2014[1] rinne an Chomhairle pacáiste beart reachtach a ghlacadh, lena n-áirítear cinneadh nua maidir le hacmhainní dílse, ar pacáiste é lenar tugadh isteach athruithe ar an gcóras acmhainní dílse don tréimhse 2014-2020. Tá na rialacha nua maidir le hacmhainní dílse i bhfeidhm ón 1 Deireadh Fómhair 2016, tráth ar tháinig an cinneadh sin i bhfeidhm, agus rinneadh iad a shiardhátú go dtí an 1 Eanáir 2014. Ábhar mórthábhachta d'institiúidí AE is ea bailiú acmhainní dílse traidisiúnta. Déantar rialú buiséadach a fheidhmiú freisin trí chalaois a chomhrac (1.4.6). Déanann údaráis na mBallstát grinnscrúdú ar an gcéad ásc ar chaiteachas oibríochtúil faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus faoi na Cistí Struchtúracha.

B. Rialú ar leibhéal AE

1. Inmheánach

I ngach institiúid, is iad na hoifigigh agus na cuntasóirí údarúcháin agus, ina dhiaidh sin, iniúchóir inmheánach na hinstitiúide, a dhéanann an rialú a fheidhmiú.

2. Seachtrach: ag an gCúirt Iniúchóirí (1.3.12)

Déanann na hinstitiúidí náisiúnta iniúchóireachta agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) rialú seachtrach, agus gach bliain cuireann an Chúirt Iniúchóirí tuarascálacha mionsonraithe faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh i gcomhréir le hAirteagal 287 CFAE, i.e.:

— An 'ráiteas dearbhaithe maidir le hiontaofacht na gcuntas agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo' (a dtugtar 'DAS' air);

— An tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an bhuiséid ghinearálta, lena n-áirítear buiséid na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí satailíte uile;

— Tuarascálacha bliantúla sonracha ar ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí AE;

— Tuarascálacha speisialta ar shaincheisteanna sonracha (iniúchtaí feidhmíochta);

— Tuarascálacha agus tuairimí iniúchóireachta;

— Athbhreithnithe a chumhdaíonn beartais agus ábhair bhainistíochta, anailís a dhéanamh ar réimsí nó ar shaincheisteanna nár iniúchadh go fóill nó bonn fíorasach a bhunú maidir le hábhair áirithe (go dtí Meán Fómhair 2019, bhí roinnt fochatagóirí sna hathbhreithnithe: athbhreithnithe tírdhreacha, páipéir faisnéisithe agus athbhreithnithe pras cáis).

[1]Cinneadh an 26 Bealtaine 2014 ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais (2014/335/AE, Euratom), IO L 168, 7.6.2014, lch. 105.

Tugann CIE tuairiscí freisin ar oibríochtaí chun iasachtaí a thabhairt agus a fháil agus ar an gCiste Eorpach Forbraíochta (EDF).

3. Rialú ar an leibhéal polaitiúil: ag an bParlaimint

Laistigh den Pharlaimint, tá an Coiste um Rialú Buiséadach freagrach as seasamh na Parlaiminte a ullmhú agus go háirithe as an méid seo a leanas:

— Cur chun feidhme bhuiséad an Aontais agus bhuiséad an EDF a rialú;

— Dúnadh, tíolacadh agus iniúchadh chuntais agus chláir chomhardaithe an Aontais, a chuid institiúidí agus aon chomhlachtaí a ndéanann sé maoiniú orthu;

— Gníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a rialú (1.3.15);

— Faireachán a dhéanamh ar chost-éifeachtacht chineálacha éagsúla maoinithe an Aontais agus beartais an Aontais á gcur chun feidhme;

— Breithniú a dhéanamh ar chalaois agus ar mhírialtachtaí i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, bearta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí a chosc agus ionchúisimh a thionscnamh i gcásanna den sórt sin, agus as leasanna airgeadais an Aontais i gcoitinne a chosaint.

Ullmhaíonn an Coiste cinntí maidir le hurscaoileadh freisin.

AN NÓS IMEACHTA URSCAOILTE

Uair sa bhliain, ar mholadh ón gComhairle, deonaíonn Parlaimint na hEorpa urscaoileadh don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid do bhliain n-2, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar thuarascálacha ar ghníomhaíochtaí de chuid Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin, ar an tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht de chuid an Choimisiúin, ar an tuarascáil mheastóireachta (Airteagal 318 CFAE), ar thuarascáil bhliantúil CIE agus ar fhreagraí ón gCoimisiún agus ó na hinstitiúidí eile ar cheisteanna na Parlaiminte (Airteagal 319 CFAE). Ullmhaíonn Coiste um Rialú Buiséadach seasamh na Parlaiminte maidir le tuarascálacha speisialta CIE, ar minic iad a bheith i bhfoirm páipéir oibre chun treoir a thabhairt don Rapóirtéir ginearálta maidir leis an urscaoileadh. Tá sé de cheangal ar an gCoimisiún agus ar na hinstitiúidí eile gníomhú de bhun na mbarúlacha a thugann an Pharlaimint ina rúin maidir le hurscaoileadh (Airteagal 319(3) CFAE agus Airteagal 262 den Rialachán Airgeadais). Deonaíonn an Pharlaimint freisin urscaoileadh bliantúil do na hinstitiúidí eile agus do na gníomhaireachtaí. Deonaíonn sí urscaoileadh ar leithligh don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme oibríochtaí CFE, ós rud é nach ndearnadh iad a ionchorprú i mbuiséad ginearálta an Aontais go fóill. Dírítear cinneadh ar urscaoileadh na Parlaiminte, agus a rún maidir le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta AE, Roinn I — Parlaimint na hEorpa, chuig Uachtarán na Parlaiminte.

Mar riail ghinearálta, déanann an Pharlaimint na tuarascálacha ar urscaoileadh a mheas ag páirtseisiún roimh an 15 Bealtaine (Airteagal 260 den Rialachán Airgeadais). Dá bhrí sin, seachas in gcásanna eisceachtúla, déantar na vótaí ar urscaoileadh a chaitheamh ag páirtseisiún mhí Bealtaine nó, i gcás cur siar, ag páirtseisiún mhí Dheireadh Fómhair. Mura bhfaigheann togra chun urscaoileadh a dheonú tromlach, nó má bheartaíonn an Pharlaimint a cinneadh maidir le hurscaoileadh a chur siar, cuireann

an Pharlaimint na hinstitiúidí nó na gníomhaireachtaí lena mbaineann ar an eolas faoi na cúiseanna. Tá sé de cheangal ar na gníomhaireachtaí gníomhú gan mhoill chun na bacainní ar chinneadh maidir le hurscaoileadh a bhaint. Ansin, tíolacann an Coiste um Rialú Buiséadach tuarascáil úrnua, laistigh de 6 mhí, ina mbíonn togra úrnua chun urscaoileadh a dheonú nó a dhiúltú.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

A. Forbairt na gCumhachtaí

Ó 1958 go 1970, níor coimeádadh an Pharlaimint ar an eolas ach maidir le cinntí i leith urscaoilte arna dtabhairt ag an gComhairle don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid. I 1971, mar aon leis an gComhairle, fuair sí an chumhacht chun urscaoileadh a dheonú. Ón 1 Meitheamh 1977 i leith, nuair a tháinig Conradh an 22 Iúil 1975 i bhfeidhm, is aici amháin atá an chumhacht chun urscaoileadh a dheonú, a luaithe is a thugann an Chomhairle a moladh. Trína coistí atá freagrach, reachtálann an Pharlaimint éisteachtaí na gCoimisinéirí ainmnithe, agus reachtálann an Coiste um Rialú Buiséadach éisteachtaí do Chomhaltaí ainmnithe na Cúirte Iniúchóirí, do na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta do phost an Ard-Stiúrthóra in Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus do chomhaltaí Choiste Maoirseachta OLAF. Ní féidir na poist sin a líonadh go dtí go dtionólfar na héisteachtaí sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara, ar deireadh, gurb é an Coimisiún a cheapann Ard-Stiúrthóir OLAF, tar éis dó dul i gcomhairle leis an bParlaimint agus leis an gComhairle, agus gurb iad an Pharlaimint, an Chomhairle agus an Coimisiún a cheapann, de chomhthoil, comhaltaí Choiste Maoirseachta OLAF.

B. Úsáid an urscaoilte

Féadfaidh an Pharlaimint a chinneadh urscaoileadh a chur siar i gcás ina bhfuil sí míshásta le gnéithe áirithe de bhainistíocht an Choimisiúin ar an mbuiséad. Féadfar a mheas gurb ionann diúltú urscaoileadh a dheonú agus ceangal a chur ar an gCoimisiún éirí as. Cuireadh an bhagairt sin in éifeacht i mí na Nollag 1998: tar éis vóta sa suí iomlánach maidir le diúltú don rún urscaoilte, bunaíodh grúpa cúigear saineolaithe agus rinne siad tuairisciú ar chalaois, míbhainistíocht agus finíochas a cuireadh i leith an Choimisiúin. D'éirigh na Coimisinéirí as *en bloc* an 16 Márta 1999.

Maidir le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta AE ag an gCoimisiún, thug an Pharlaimint isteach dhá ghné nua le linn an nós imeachta urscaoilte do 2011 agus do 2012: dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais a fhíorú, ar nithe iad a mbeidh ceangal níos dlúithe acu de réir a chéile le meastóireacht ar fheidhmíocht (Airteagal 318 CFAE; tuarascáil mheastóireachta ar airgeadas an Aontais ar bhonn na dtorthaí arna mbaint amach), agus leis an bhforáil lena sonraítear go bhféadfar cinneadh maidir le hurscaoileadh a 'fhrithchothromú' trí fhorchoimeádais a bhaineann le réimsí beartais faoi leith.

Cé nach ndéantar tagairt sa Chonradh ach d'urscaoileadh don Choimisiún amháin, ar chúiseanna trédhearcachta agus formhaoirseachta daonlathaí, deonaíonn an Pharlaimint freisin urscaoileadh ar leithligh do na hinstitiúidí agus na comhlachtaí agus do gach gníomhaireacht nó eintiteas comhchosúil (tá forálacha maidir le hurscaoileadh do na gníomhaireachtaí díláraithe agus do na comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha

leagtha amach ina Rialacháin Bhunaidh). Ag a páirtseisiún i mí Aibreáin 2009, i gcomhthéacs an nós imeachta urscaoilte do 2007, rinne an Pharlaimint an t-urscaoileadh do Chomhairle na nAirí a chur siar, toisc gur dhiúltaigh Comhairle na nAirí an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil don Pharlaimint. Ó shin i leith, rinneadh urscaoileadh don Chomhairle a chur siar agus a dhiúltú.

Mar atá luaite thuas, ní mór don Choimisiún, do na hinstitiúidí eile agus do na gníomhaireachtaí eile tuarascáil a thabhairt ar an ngníomh a dhéantar de bhun na mbarúlacha a thugann an Pharlaimint i rúin maidir le hurscaoileadh. Ní mór do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas maidir leis na bearta atá déanta acu mar fhreagairt ar bharúlacha na Parlaiminte, agus ní mór don Choimisiún iad a chur san áireamh ina thuarascáil leantach féin (Airteagal 262 den Rialachán Airgeadais).

C. Ionstraimí eile

Cuidíonn sainchoistí de chuid na Parlaiminte chun a áirithiú go ndéantar cistí an Aontais a chaitheamh go héifeachtúil agus chun leasa is fearr cháiníocóirí an Aontais. Roinnt uaireanta, rinne comhaltaí an Choiste um Rialú Buiséadach plé a reáchtáil le hionadaithe na gcoistí comhionanna i bparlaimintí na mBallstát, le húdaráis náisiúnta iniúchóireachta agus le hionadaithe gníomhaireachtaí custaim. Tá fiosrúcháin ar an láthair déanta ag comhaltaí aonair freisin chun na fíorais is bun le fadhbanna áirithe a fhionnadh.

I mí Nollag 1995, den chéad uair, bhain an Pharlaimint feidhm as a ceart faoin gConradh coiste fiosrúcháin a chur ar bun, ar coiste é a d'ullmhaigh tuairisc ar líomhaintí calaoise agus drochriaracháin ina dhiaidh sin (1.4.6).

Rinne Conradh Liospóin neartú ar na socruithe rialaithe lena ndírítear ar na torthaí a baineadh amach le cláir AE agus ó shin i leith cuireann sé de cheangal ar an gCoimisiún, mar chuid den nós imeachta urscaoilte bliantúil, tuarascáil mheastóireachta chuimsitheach, agus na moltaí a thug siad á gcur san áireamh, a chur faoi bhráid na Parlaiminte agus na Comhairle.

Rudolfs Verdins
06/2020